

Eleathanach 353

Dé Máirt an 2 Meitheamh 2020

20 Liamhán gréine san Aigéan Atlantach

Bhí níos mó ná 20 liamhán gréine le feiceáil ó Chósta an Chláir an mhí seo caite.

Is siorcanna iad liamháin ghréine, ach níl siad dainséarach. Itheann siad planctón.

Bhí an súrfálaí, Ray O’Foghlu, ag snámh in aice leo. Bhí sé ag snámh leo lena chairde ar feadh beagnach 2 uair an chloig.

Chuir sé an físeán ar an idirlíon agus bhreathnaigh beagnach 200,000 duine air.

<https://twitter.com/Cianaf/status/1256925332877254656>



George Floyd #críochleciníochas


Fuair George Floyd bás i Meiriceá an tseachtain seo caite. Mharaigh póilín Meiriceánach é.

Tá gach duine an-bhrónach faoi seo agus ba mhaith leo difríocht a dhéanamh. Tá gach duine tábhachtach. Tá gach saol tábhachtach.

Chuaigh a lán daoine amach ag déanamh agóide go síochánta thar an deireadh seachtaine. Bhí mórshiúl síochánta i mBaile Átha Cliath.

Ach faraor, i Meiriceá, bhí daoine ag troid i gcathracha éagsúla. Dúirt deartháir George Floyd, Terrence, gur mhaith leis go ndéanfadh siad agóid go síochánta.

Ar *instagram*, tá a lán daoine tar éis sos a thógáil inniu agus pictiúr dubh a chur ar an leathanach *instagram* atá acu chun tacú leis an athrú síochánta ba mhaith leo. #críochleciníochas #niféidirlíomanálaigh #blackouttuesday




An-tóir ar rothair timpeall an domhain

Tá níos mó daoine amuigh ag rothaíocht le déanaí. Tá 220,000 duine sa bhreis ar na rothair an mhí seo!

Cabhraíonn an rothaíocht leis an timpeallacht. Bígí cúramach agus sibh amuigh ar rothair! Ná déanaigí dearmad ar bhur glogad agus bainigí úsáid as soilse agus éadaí geala!

Tá daoine cáiliúla amuigh ag rothaíocht freisin. Bhí Aisling Bea amuigh ag rothaíocht i Londain an tseachtain seo caite. Is fuirseoir agus aisteoir í.



Tá clogad ar Aisling Bea



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

